

an tuiscint agus an chomhbhá a bheadh ag an léitheoir dá míneofaí an bunús diagachta agus tábhacht an róil liotúirigh a bhaineann le deabhóidí áirithe de chuid na hEaglaise Caitlicí a thagann i gceist anseo arís is arís eile. Is dóigh liom go n-oirfeadh a leithéid seo i gcás na dtagairtí iomadúla do thaisí na naomh. Cé go bhfuil taithí againn ó na seanságaí (agus ó phéintéireacht Louis Le Brocquy) ar an tábhacht a chuirtear leis na ceann an duine sa traidisiún dúchais, téitear níos faide leis an scéal anseo. Bíonn trácht in **Gaelscrínte san Eoraip** ar chnámha agus ar chloigeann féin na naomh a roinnt ar eaglaisí éagsúla. Sampla maith de seo is ea an tuairisc ar chonabhlach Mhaolmhaodhóg naofa. Is amhlaidh a meascadh cnámha an dá naomh Bearnard agus Maolmhaodhóg nuair a haistríodh ó Clairvaux iad sa bhliain 1793 d'fhonn iad a thabhairt slán ó lucht na réabhlóide. Leanann an scéal ar aghaidh:

De réir fianaise na ndaoine a bhí i láthair nuair a aistríodh na cnámha ó Clairvaux i 1793, bhí dath dúdhonn ar chnámha N. Bearnard agus dath i bhfad níos gile ar chnámha an Éireannaigh, ach tá an dá chloigeann beagnach ar aon dath. Rinneadh iarracht i 1971 na cnámha dúdhonna a scaradh ón chuid eile ach ba bheag acu a bhí ann. An gá a mheas gur fíorbheagán de chonabhlach N. Bearnard atá fágtha anois sa chófra? Pé scéal é ní leor promhna ndathanna chun cnámha N. Maolmhaodhóg a scaradh ó chnámha na naomh eile seachas Bearnard. Agus sin mar a sheasann an cheist faoi láthair.

Ar an dea-uair níor tharla meascán mar sin i gcás na gcloigeann. Thug ab deireanach Clairvaux as a scrínte iad ar eagla a scriosta, agus nuair a shuaimhnigh an Fhrainc tar éis na Réabhlóide bronnadh ar Easpag Troyes iad. Bhí siad faoi ardaltóir na hArd-eaglaise ó 1813 go 1862. Ó shin i leith tá siad taobh le taobh san aon scrín amháin (ach iad marcáilte go soiléir!) sa *Trésor* in Ard-eaglais Troyes. Nuair a rinneadh athchóiriú ar shanctóir na hArd-eaglaise in Ard Mhacha i 1982, d'iarr an Cairdinéal Ó Fiaich ar Easpag Troyes cuid de chloigeann Mhaolmhaodhóg a bhronnadh ar a fhairche dhúchais. An tAth. Gearóid Mac Fhionnachtaigh a thug ó Troyes go hArd Mhacha é agus tá taisí den Naomh anois ag a lán eaglaisí san ard-fhairche atá faoina phátrúnacht mar aon leis an Ardeaglais agus le Coláiste Mhaolmhaodhóg, Béal Feirste. Ach tá formhór an chloiginn agus na gcnámh eile sa Fhrainc fós. (lch 64)

Scríobhadh agus foilsíodh **Gaelscrínte san Eoraip** le cúram follasach (cé go bhfuil roinnt máchailí cló ar na leathanaigh thosaigh). De bhreis ar an téacs (viii + 179 lch) tá innéacs



daoine agus áiteanna (14 lch) agus liosta breá foinsí (6 lch) ag gabháil leis an saothar. Agus is mór an maisiú ar an leabhar na 72 ghrianghraf agus an dá léarscáil d'ionaid na scrínte a dhear Aodhagán Brioscú. Mar sin, tá torthaí taighde curtha ar fáil anseo as Gaeilge (rud atá annamh go leor ar na saolta seo, is baolach) ar shlí atá oiriúnach don speisialtóir agus don turasóir a bheadh ag iarraidh teacht ar cheangail a shinsear le ceantar éigin a mbeidh sé ag triall air le haghaidh saoire nó gnó. Ba bhreá an toradh é ar an dua a chaith an Cairdinéal

Ó Fiaich le **Gaelscrínte san Eoraip** dá spreagfadh sé daoine chun a lorg féin a leanúint ar fud na hEorpa. Agus cén fáth nach ndéanfadh taighdeoirí eile cúram d'aicmí eile Éireannacha a ghluais rompu ar an Mór-Roinn, idir lucht gnó agus lucht airm agus lucht stáitse agus lucht leanta an tsaoil bhoig? Cá bhfuil an gníomhaire taistil a réiteoidh an bealach dúinn chuig scrínte na naomh, chuig páirceanna an áir, chuig leabharlanna na lámhscríbhinní, chuig ionaid chónaithe, bháis, phaidreoirachta, staidéir is rangáis ár muintire thar lear?

**Transitions: : Narratives in Modern Irish Culture** le Richard Kearney

Wolfhound Press £ 20 (crua)

**Léirmheas le Cyril Mac Domhnail**

I gcaitheamh a shaoil acadúil go dtí seo tá idir dhiograis agus shuim chriticiúil léirithe ag an Dr Richard Kearney i gcultúr na hÉireann. Bhí sé ina chomheagarthóir ar *The Crane Bag Book of Irish Studies* (1982-85) agus ina eagarthóir ar *The Irish Mind: Exploring Intellectual Traditions* (Wolfhound, 1984) agus is é an chéad dréacht eile uaidh cnuasach aistí atá scríofa aige

féin i dtaobh chultúr na hÉireann sa lá inniu ann. Leagann **Transitions** béim ar an ngaol casta atá idir cultúr na hÉireann inniu agus 'insintí' – idir liteartha, dhramáta, infheicthe, agus idé-eolaíoch – a thugtar dúinn sa chultúr Angla-Éireannach.

Baineann Kearney ceann dá argóint in **Transitions** trína rá gur fearr a d'fhéadimid an tslí ina bhfuil cultúr na hÉireann ag athrú inniu a thuiscint trí scrúdú a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil an litríocht Angla-Éireannach nua-aimseartha ag athrú. Pléann an chéad chaibidil le W.B. Yeats ar léiriú glé é ar an 'athbheochanachas chul-

túrtha agus náisiúnta' a bhain le luathbhlianta an chéid agus a tháinig roimh an 'Phoblacht'. Pléann an dara caibidil le James Joyce a chuir tús leis an 'gceannairc nua-aimsearthach' i gcoinne a leithéid de náisiúnachas. Glacann Kearney an dá 'eiseamláir' seo chuige féin mar threoir don léamh a dhéanann sé ar scríbhneoirí, dhrámadóirí agus ealaíontóirí eile níos déanaí sa leabhar. Feidhmíonn siad mar threoir leis don léamh a dhéanann sé ar chultúr na hÉireann sa lá atá inniu ann a mhaireann, dar le Kearney sa teannas idir 'revivalist and modernist perspectives' (lch 10).

'Literary Narratives' is teideal don chéad chuid de **Transitions** agus scrúdaíonn Kearney saothar Yeats (lch 1) Joyce (lch 2), Beckett (lch 3), Flann O'Brien, Francis Stuart, John Banville (lch 4), agus filíocht Séamus Heaney. Is iad na caibidlí ar Joyce agus Beckett na cinn is dea-scríofa agus bíodh go mbraitheann siad go láidir ar chriticí liteartha agus fealsúnta comhaimseartha (agus ar choincheap casta Jacques Derrida 'deconstruction' go háirithe – féach 'Eipineacsá' na gcaibidlí seo) ní gá go mbeadh eolas fealsúnta ná liteartha ag an léitheoir ar na modhanna critice seo. Agus is bua suntasach é seo a bhaineann leis na caibidlí go léir. Cinnte is dócha go léifidh an gnáthléitheoir na caibidlí i bhfad níos moille ná mar a dhéanfaidh an t-acadúlach ach is é is doichí gurb é seo an tslí is fearr leis an leabhar seo a léamh.

I dtuairim Kearney maireann scríbhneoirí Angla-Éireannacha an lae inniu (agus dá bhrí sin Cultúr Éireann-



Richard Kearney

ach an lae inniu) faoi scáth **Finnegan's Wake** (Finn-again-Awake). Is amhlaidh don chuid is mó den chuid eile de Leabhar Kearney. Deir sé linn go bpléann na drámadóirí a roghnaíonn sé i gcuid a dó ('Dramatic Narratives'), Brian Friel agus Tom Murphy (caib. 6 & 7) agus saothair scannán Neil Jordan agus Pat Murphy (caib. 8), agus ealaín Le Brocquy agus Ballagh (caib. 9) i gCuid a Trí ('Visual Narratives') leis an bhfadhb chéanna. Deintear na healaíontóirí seo a scrúdú i gcomhthéacs an léimh a dhéanann Kearney ar Joyce. Bíodh go mb'fhéidir go dtugann a leithéid de léamh tuiscint níos fearr do Kearney ar na healaíontóirí seo – mar bhí tionchar ag Joyce orthu go léir – ní mé an bhféadfadh léamh mar seo tuiscint níos fearr a thabhairt dó ar shaothar ealaíontóirí eile.

Aistriú ann féin sa leabhar is ea Cuid a Ceathair, 'Ideological Narratives' agus is é an chuid is doimhne den leabhar. In áit ealaíontóirí aonair a iniúchadh deineann sé iniúchadh ar cheisteanna aonair. I gcaibidlí 10 agus 11 scrúdaíonn sé an pháirt a ghlac miotas na hÍobarta i ndúshraitheanna cailte na Poblachta Éireannaí agus an pháirt atá fós á glacadh aige taobh thuaidh den teorainn i náisiúnachas míleata an IRA sealadach. Más mian leat úire agus bunbheocht an mhodha atá ag Kearney (a d'fhoghlaim sé óna mhúinteoir cáiliúil Francach Paul Ricoeur) chun anailís a dhéanamh ar chultúr beo trí inneach agus mealladh 'utoipeach' na miotas a thugann beocht don chultúr sin agus a théann go smior ann a scrúdú, léiríonn caibidlí 10 agus 11 buanna an chur chuige seo go sármháith. Leanann caibidil 12 'Faith and Fatherland', den anailís idé-eolaíoch. Is dócha gurb é an chaibidil seo an ceann is déine ó thaobh argóna agus an ceann is mó a spreagann machnamh dá bhfuil sa leabhar mar ní hamháin go gceistíonn sé miotas faoin Éirinn Chaitliceach atá 'holier than thou' *vis à vis* an Bhreatain, ach ardaíonn sé an cheist an amhlaidh go bhfuil an Eaglais Chaitliceach in Éirinn ag cur mhuintir na hÉireann faoi chois in ionad iad a shaoradh trí gan aon fháilte a chur roimh shochará oscailte iolrach i gcomhair na tíre agus tríd an tslí a leanann siad lena gcur chuige atharúil i leith daoine. Deintear iarracht i gcaibidil 13 an pholaitíocht agus an litríocht a thabhairt le chéile agus is críoch chuí é ar 'Ideological Narratives'. Scrúdaíonn Kearney, leis an

gcruinneas agus an tsoiléire is dual dó, an tslí a léiríonn (nó nach léiríonn!) irisí cultúrtha 'cuisle an náisiúin'. Luann sé go raibh baint éigin ag an chuid de réabhlóidithe Éirí Amach 1916 le foilsiú irisí. An bhfuil Kearney ag ullmhú i gcomhair éirí amach cultúrtha? Mar fhealsamh d'fhéadfaí a rá go bhfuil mar in **Transitions** áitíonn sé (tríd an sórt fealsúnachta a scríobhann Paul Ricoeur a leanúint agus a fhorbairt) nach cóir an fhealsúnach a chur chun cinn in *ivory towers* ná i ranna scolártha ach go gcaithfidh sí aghaidh a thabhairt ar rudaí trína maireann duine, agus éilíonn sé seo go ndéanfaí scrúdú ar bhonn stairiúil agus ar bhonn mínitheach, criticiúil ar chultúr an fad is atá sé ag athrú. Ar son na fealsúnachta in Éirinn agus ar son chuid na hÉireann den fhealsúnach athrú ann féin ar fiú fáiltiú roimhe is ea **Transitions** Kearney.

Tá easnamh, áfach, ag baint le hargóint 'Sheoigheach' Kearney i gcoinne 'athbheochanachais chultúrtha' nó 'náisiúnachais chultúrtha'. Mar a luann sé in **Transitions** níor shamhlaigh ná níor ghlac Yeats ná Hyde (beirt Phrotastúnach) ná Mac Piarais ná Ó Conghaile (beirt Chaitliceach) leis na smaointe i dtaobh an náisiúnachais chultúrtha mar atá siad leagtha amach ag Kearney sa réamhrá. I dtuairim Kearney idé-eolaíocht is ea 'athbheochanachas cultúrtha' a d'éiligh gurbh í an Ghaeilge céad teanga na hÉireann, an Caitliceachas a céad chreideamh agus athaontú tuaiscirt agus deiscirt a céad chuspóir polaitiúil (lch 9). Níor theastaigh ó Yeats, Hyde, Mhac Piarais ná Ó Conghaile an teanga Ghaeilge ná athaontú tuaiscirt agus deiscirt ná an Caitliceachas a bhrú ar dhuine ar bith. Ba é a mhaíodar – agus an ceart acu – go bhfuil aon údarás leatromach cóilíneach a dhéanann iarracht teanga choimhthíoch (is cuma cad í), creideamh coimhthíoch (is cuma cad é), agus aitheantas coimhthíoch (is cuma cad é) a bhrú ar a chuid 'géillsíneach' incháinte ar bhonn ciníoch. Deir Kearney sa Bhrollach: 'The studies published here have a common aim – to argue that the real strength of Irish culture is not in its uniformity but in its plurality'. Ní fheicim aon chúis a gcuirfeadh idéal an Phiarsaigh faoi Éire a bheith 'Gaelach agus saor' aon chosc riachtanach ar chineál iolrach saoil?. Níl léirithe ag Kearney (ná ag Éireannaigh go ginearálta) gur lú an luach atá ag 'Gaelach' agus 'saor' ná

mar atá ag idéil na teicneolaíochta, an mhaorlathais, na holltomhaltachta a léiríonn ‘luachanna iolracha’, mar a thugtar orthu, an C.E.E. Feictear domsa go deimhin gur mó de luach atá ag an iarracht a rinne an Píarsach stair (‘Ghaeilge’) an ama a chuaigh thart a athshealbhú in ainm na saoirse.

---

### Fuil Samhraidh le Mícheál Ó Ruairc

---

Coiscéim £3.00

---

### Léirmheas le Luai Ó Murchú

---

Is móide taitneamh réamhrá – mura mbeadh de thoradh air ach doras éalaithe nó méar eolais a chur ar fáil don léirmheastóir leisciúil. Ag deireadh an réamhrá anamúil don leabhar seo rianáíonn an t-údar scóip an chuibhrinn ina mbeartaíonn sé a ramhainn. Glacann sé leis an bhfilíocht mar scáthán don bheatha shaolta – pé chomh suarach is atá an bheatha chéanna. Uime sin agus ó thaobh ábhair, ní dócha go mbainfeadh dán ar bith sa chnuasach seo stangadh as léitheoir. Ábhar plé riamh an tsaoirse a éilíonn an file i mbun a cheirde. Ach cad faoin dianchlaonadh atá sa chine daonna ó dhúchas don olc más fíor agus de dheasca peacaí ár sinsir? An bhfuil gá le cinsireacht agus má tá (agus measaim go bhfuil) cad as do na rialacha? An bhfuil feidhm a thuilleadh leis na Deich nAitheanta?

Maíonn an t-údar go gcaithfidh an file dul i ngleic leis an saol mórtimpeall air má tá sé le rud fóna a chruthú. Sin tuairim Sheáin Uí Fhaoiláin freisin a deir gur fear an scríbhneoir atá ceangailte faoi chonradh, faoi thuiscint dá dhualgais agus dá choinsias. Ag breith greama ar an téad dó, dar leis an bhFaolánach, ní healaín don scríbhneoir a rá nach féidir leis tarraingt; agus pé drogall a mhothaíonn sé ann féin caithfidh sé a chairéis a shárú agus a shamhaltacht a shalú le salachar na beatha. Beatha duine a thuairim!

Sa dán ‘Clane Durt’, téann an t-údar chun sleanntracha le bean éigseach a dúirt (imeartas focal anseo) go raibh a chuid filíochta ‘salach’. Ach cé hé an té a bhfuil sé de dhánacht ann sainmhíniú a thabhairt ar cad is salachar ann? Agus cá bhfuair ‘an bhean éigseach’ a slat tomhais? Má tá sé de rún ag file an scáthán a ardú roimh an nádúr is iomaí gné den bheatha iomlán a tharraingeoidh aird. Cé hiad na saoithe a leagfadh na teoracha faoinár mbráid agus cad as dá n-údarás? Gné den bheatha



*Mícheál Ó Ruairc*

iomlán nach féidir a sheachaint an salachar.

Ach ag filleadh ar an leabhar seo: Is le súil fhuarchúiseach a scrúdaíonn an t-údar a thimpeallacht agus is beag gné de shaol an lae inniu nach mealdar dá mhúleann. Láimhseáiltear na téamaí le faobhar is fuinneamh; tá dán ann ar ghnéithe a cheirde (‘Ceird’), ar uaigneas imirceach (‘Réalt Reatha’), ar bhean i ngleic lena libído (‘An Galar Cam’) agus ar racht an mhúinteora thraochta in ‘Bliúanna Thráthnóna Dé hAoine’. Inghearradh nó caimeo cuid de dhánta an leabhair seo, ina mbeireann an t-údar ar smaoineamh ar eitilt, mar a déarfá, go n-oibríonn agus go snasann nó go bhfuil an dáinín forbartha aige agus ina sheoid ghleoite. Den chineál seo ‘Scitsfréine’, ‘Ord’, ‘Séiplíneach’ agus ‘Triantán Cearnógach’. Anseo is ansúd, áfach, gheofar sa leabhar seo an dán nach measade a thuilleadh snasa. Seans gur d’aon ghnó a fágadh iad seo pas beag garbhshnoite. Tugann na giotaí seo éadroime agus, san am céanna, tathag don bhailiúchán.

Siúd is go bhfuil pearsantacht is dearcadh an údair greanta ar an leabhar seo ar shlí nach féidir tuilleamaí ar fhilí eile a chasadh leis, ba thaitneamhach an caitheamh aimsire é uair nó mar sin a mheilt trí codarsnacht a dhéanamh idir na dánta seo agus saothar filí eile. Mar shampla: rith sé liom gur chuala mé macallaí ‘A Shropshire Lad’ XXI, le A.E.

Housman in ‘An Gúna Dearg’, nó ó ‘An Glaoth’ le hÁine Ní Fhoghludha in ‘Aige Baile’ agus maidir leis an dán ‘Fanacht – do m’athair’, scríobh Anthony Cronin, Séamus Heaney, F.R. Higgins agus Patrick Kavanagh ar an téama céanna.

Is soiléir gur chaith an t-údar dua lena shaothar. Ní de sheans ann an dlús agus an ghontacht a ardaíonn an cnuasach seo thar an gcoitiantacht. Mothaítear an tsnáithín is lú de chumha sa leabhar, ‘the still sad music of humanity’ faoi shleamhnú na mblianta, faoi chairde curtha, faoi uaigneas imirceach, faoi mheath na Gaeilge, faoi oidhe ban. *Lacrimae rerum!* Sa chomhthéacs seo luaim go spéisialta ‘Corp mo shinsir’, ‘An Planda Glas’, ‘Opus XXXV’ agus ‘Bean Uasal’ (is dóichí a mhalairt de rogha ag léitheoirí eile).

Scéal seanbhróg é nach mór don léitheoir teacht thar nais arís is arís eile ar thóir bhrí iomlán na filíochta. Ó gach uile chuairt chun an scríne baileoidh sé maoin nua. Caithfidh an léitheoir a sciar féin den scagadh is chíoradh a dhéanamh. Ba é Michael McLaverty, an scríbhneoir Ultach, a dúirt, ‘Ní scríbhneoir fóna an té a scaoileann ar pháir an scéal ina iomláine.’ Ní taise don fhile. Ar chruinneas na tochairte feicfean an toradh. Le himeacht aimsire is le díocas a chasfaidh léitheoirí leathanaigh an leabhair seo chun teacht arís ar na seoda san a mhairfidh i gcumhne.